



ACMHAINN 3

DÁ mBA RUD É ...?

Samhlaigh go bhfuil an baile ina bhfuil tú faoi bhagairt ó ionsaí sceimhlitheoireachta. Tá grúpa iomráiteach sceimhlitheoirí tar éis rabhadh a thabhairt faoi seo, ach níl a fhios agat cathain a tharlóidh an t-ionsaí ná cén chaoi a ndéanfar é. Socraíonn an rialtas plean a chur le chéile chun an t-uafás seo a chosc agus chuige sin leagann siad gníomhaíochtaí sonracha síos ar mhaithe le sábháilteacht an uile dhuine. Tá na gníomhaíochtaí sin le cur chun feidhme láithreach, ach fós níl teorainn ama curtha leis an tréimhse a mbeidh siad i bhfeidhm. Is iad na haidhmeanna atá leis na bearta agus gníomhaíochtaí sealadacha sin, i measc nithe eile, ná:

- slándáil ag na teorainneacha a neartú
- cosaint níos fearr don chóras iompair in aghaidh ionsaithe
- méadú ar an tslándáil in áiteanna a mbíonn sluaite
- bunachar sonraí a chruthú, agus a nuashonrú go leanúnach, ina mbeidh ainmneacha na ndaoine atá ciontaithe i gcúisimh sceimhlitheoireachta nó ar daoine iad atá 'i mbuíon troda sceimhlitheoireachta'
- gach modh is gá a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh i dtaobh daoine atá faoi dhrochamhras
- bunachar sonraí a chruthú, agus a nuashonrú go leanúnach, ina mbeidh liosta de na modhanna taistil is fearr le gach duine de na saoránaigh
- srianta iompair agus tionóil a fhorchur ar an bpobal nuair a mheastar gur gá sin
- toirmeasc a chur ar léirsithe nuair a mheastar gurb iomchuí agus gur gá sin
- oibriú go dlúth leis na meáin shóisialta chun a áirithiú nach ndéanann 'buíonta troda sceimhlitheoireachta' iad a úsáid go míchuí
- bunachar sonraí a chruthú, agus a nuashonrú go leanúnach, ina mbeidh cuntas ar an gcreideamh reiligiúnda atá ag na saoránaigh uile
- oibriú go dlúth leis na meáin chun a áirithiú nach bhfoilsítear aon scéal nuachta a d'fhéadfadh nod a thabhairt do sceimhlitheoirí faoina bhfuil ar siúl ag an rialtas
- feabhas a chur ar fhaisnéis slándála a mhalartú le tíortha comhpháirteacha
- lagú a dhéanamh ar na srianta atá ar phóilíní maidir leis an méid fornirt is féidir leo a úsáid
- comhar idir an t-arm agus na póilíní a mhéadú
- níos mó seiceálacha agus rialuithe ar shibhialtaigh a bheith ann
- lear mór ceamaraí CCTV a chur isteach ar fud na cathrach
- toirmeasc a chur ar shaoránaigh a bheith amuigh tar éis a hocht a chlog tráthnóna
- srianta agus rialuithe a fhorchur ar ghluaiseacht airgid (rialuithe caipitil)
- an rochtain ar fhoirgnimh phoiblí a shrianadh